| RABHADH<br>Ní mór an roinn seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r, nó caillfear marcanna. | Scrúduimhir an Iarrthóra |
|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004**

# STAIDÉAR GNÓ - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR I
# ROINN A

**(80 Marc)**

DÉ CÉADAOIN, 16 MEITHEAMH 2004 – MAIDIN, 9.30 go dtí 12.00

**Freagair an 20 ceist ar fad. Tá 4 mharc ag dul do gach ceist. Is ceadmhach áireamhháin a úsáid.**

---

**1.** Cuir tic (✓) sa bhosca cuí.

Ar an gcuid den bhrabús a fhaigheann scairshealbhóir tugtar:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Bónas | ☐ | Díbhinn | ☐ |
| Coimisiún | ☐ | Préimh | ☐ |

**2.** Cuir tic (✓) leis an ngníomhaíocht is oiriúnaí do gach duine de na daoine seo a leanas atá ag obair i ngnólacht mór déantúsaíochta.

| **DAOINE AG OBAIR** | **GNÍOMHAÍOCHT** | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Earcaíonn baill cheardchumainn | Fostaíonn foireann nua | Déanann an táirge | Cinntíonn go ndéantar an obair in am |
| Bainisteoir Pearsanra | | | | |
| Stíobhard Ceardlainne | | | | |
| Maoirseoir | | | | |
| Oibrí | | | | |



THALL →

**3.** **Freagair A nó B.**

**A** Tá gnólacht ag díol táirge ar €200. Cosnaíonn an táirge €150. Ríomh céatadán na marcála suas.

**Freagra** [ %]

| Oibriúcháin |
|---|
| |

**NÓ**

**B** Cuntas Achomair Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31-12-2003.

| | € | |
|---|---|---|
| Díolacháin | 360,000 | |
| Costas Díolachán | ? | |
| Brabús Comhlán | ? | |
| Costais Iomlán | 80,000 | |
| Brabús Glan | 30,000 | |

Ríomh na figiúirí do:

**(i)** Bhrabús Comhlán

**Freagra** [€ ]

| Oibriúcháin |
|---|
| **(i)** |

**(ii)** Chostas Díolachán

**Freagra** [€ ]

| Oibriúcháin |
|---|
| **(ii)** |

**4.** Ainmnigh **dhá** dhoiciméad is gá a chomhlánú nuair a bhíonn comhlacht teoranta á bhunú.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**5.** Sna spásanna atá ann dóibh, scríobh ainmneacha na n-airgeadraí a úsáidtear sna tíortha seo a leanas.

| TÍR | AIRGEADRA |
|---|---|
| An Iodáil | |
| An Ríocht Aontaithe | |
| Na Stáit Aontaithe | |
| An Danmhairg | |

**6.** **Freagair A nó B.**

Scríobh nóta gearr faoi:

**A** Chomhthaobhacht ____________________

____________________

____________________

____________________

**NÓ**

**B** Fhruilcheannach ____________________

____________________

____________________

____________________

**7.** Bhí na hiontrálacha seo a leanas sna colúin bhainc de leabhar airgid B. Brosnan.

| **DR** | | **Leabhar Airgid** | | | | | **SR** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta** | **Sonraí** | **F** | **Banc** | **Dáta** | **Sonraí** | **F** | **Banc** |
| 2004<br>Bealtaine 10 | T. Ó Cróinín | MLF | €<br>940 | 2004<br>Bealtaine 1 | Iarmhéid | t/a | €<br>500 |

Críochnaigh na habairtí thíos chun na hiontrálacha sa Leabhar Airgid a mhíniú.

Maidir le B. Brosnan, ar Bealtaine 1 ____________________

____________________

Maidir le B. Brosnan, ar Bealtaine 10 ____________________

____________________

**8.** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart le taispeáint an bhfuil na ráitis seo a leanas Fíor nó Bréagach.

| | | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Is é is airgead ann ná aon rud atá inghlactha ag daoine mar mhalairt ar earraí agus sheirbhísí. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Is airgeadra oifigiúil tíre í dlíthairiscint. | ☐ | ☐ |

**9.** Bhí fiachóir i bhfiacha €1,000 do ghnólacht. Fógraíodh an fiachóir a bheith féimheach agus d'íoc 25 cent san euro. Díscríobhadh an t-iarmhéid mar dhrochfhiacha. Ríomh an méid a díscríobhadh mar dhrochfhiacha.

**Freagra** €

| **Oibriúcháin** |
|---|
| |

**10.** Luaigh **dhá** bhealach ina bhféadfadh gnólacht acmhainneacht chreidmheasa chustaiméara nua a sheiceáil.

**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**11.** Taispeáin conas a chlárófaí an beart seo a leanas i gcuntas Dolan Tta, grósaeir miondíola.

*Cheannaigh Dolan Tta earraí ar cairde ó B. Giles*

Breac do dhochar Chuntas ______________________.

Breac do shochar Chuntas ______________________.

**12.** **Freagair A nó B.**

**A** Cad dó a seasann na túslitreacha seo a leanas?

**(i)** CCÚCT (DIRT) ______________________

**(ii)** RCB (APR) ______________________

**(iii)** RIB (CAR) ______________________

**(iv)** CBL (VAT) ______________________

**NÓ**

**B** Liostaigh **ceithre chineál** dhifriúla d'institiúidí airgeadais inar féidir le duine airgead a choigilt.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**13.** Cuir tic (✓) sa bhosca cuí.

I cén ceann de na Leabhair Chéad Iontrála seo a leanas a chláródh gnólacht Sócmhainní Seasta a cheannófaí ar cairde?

| | |
|---|---|
| Leabhar Airgid | ☐ |
| Leabhar na gCeannachán | ☐ |
| Leabhar Cúnta Ginearálta | ☐ |
| Leabhar na nDíolachán | ☐ |

**14.** Cuir tic (✓) sa bhosca cuí.

Cén t-ainm a thugtar ar an difríocht atá idir sócmhainní reatha comhlachta agus dliteanais reatha?

| | |
|---|---|
| Caipiteal in Úsáid | ☐ |
| Caipiteal Oibre | ☐ |
| Iomlán na nGlansócmhainní | ☐ |

**15.** Críochnaigh an sliocht ón sonrasc thíos, ag baint úsáide as na sonraí seo a leanas:

*Iomlán (Gan CBL) €1,000; CBL 21%; Lascaine Trádála 20%.*

| | |
|---|---|
| Iomlán (Gan CBL) | € |
| Lascaine Trádála | € |
| | € |
| CBL | € |
| Iomlán (Le CBL) | € |

**16.** Is sliocht ó chuntas Brabúis agus Caillteanais gnólachta é seo a leanas don bhliain dar críoch 31/12/2003.

Cuntas Brabúis & Caillteanais

| | € | € |
|---|---|---|
| Árachas | 1,500 | |
| Lúide árachas réamhíoctha | 500 | 1,000 |

**(i)** Cad é an figiúr don árachas **a úsáideadh** i rith na bliana? **Freagra** €

**(ii)** Cad é an figiúr don árachas **a íocadh** i rith na bliana? **Freagra** €

**17.** Bhí €1 d'airgead póca ag Donncha agus ní raibh a fhios aige an gcaithfeadh sé é ar bharra seacláide nó ar channa oráiste. Cheannaigh sé an barra seacláide ar deireadh.

**(i)** Cén deischostas a bhí i gceist? ____________________

**(ii)** Cén costas airgeadais a bhí i gceist? ____________________

**18.** Mínigh cén fáth ar féidir le comhlacht brabús a choinneáil ag deireadh na bliana airgeadais.

____________________

____________________

____________________

**19.** Críochnaigh na habairtí **(i)** agus **(ii)** thíos trí na téarmaí cearta a roghnú ón liosta seo a leanas.

**Cóip chrua, Bogearraí, Asphrionta (Print Out), Barrachód, Scanóir.**

**(i)** Tugtar ____________________ freisin ar chlár ríomhaire.

**(ii)** Tugtar ____________________ ar an ngléas ionchuir ríomhaire ar féidir leis cód speisialta priontáilte a léamh.

**20.** Réitíodh an cuntas cíosa seo a leanas ag baint úsáide as cur i láthair iarmhéid leantaigh.

Cláraigh íocaíocht de €200 cíos le seic ar 5 Aibreán 2004.

**Cuntas Cíosa**

| Dáta | Sonraí | F. | Dr | Sr | Iarmhéid |
|---|---|---|---|---|---|
| 2004 | | | € | € | € |
| 1 Aibreán | Iarmhéid | t/a. | 40 | | 40 |
| 5 Aibreán | | | | | |

**Le húsáid le Roinn B Ceist 1(A).**

| | AN CHÉAD BHUISÉAD | | | | BUISÉAD ATHBHREITHNITHE | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **IÚIL** | **LÚN** | **M.FÓMH** | **IOMLÁN** | **IÚIL** | **LÚN** | **M.FÓMH** | **IOMLÁN** |
| **IONCAM** | | | | | | | | |
| Tuarastal Mhic Uí Mhathúna | 1,700 | 1,700 | 1,700 | 5,100 | | | | |
| Tuarastal Bhean Uí Mhathúna | 800 | 800 | 800 | 2,400 | | | | |
| Sochar Leanaí | 40 | 40 | 40 | 120 | | | | |
| **Ioncam Iomlán** | 2,540 | 2,540 | 2,540 | 7,620 | | | | |
| **CAITEACHAS** | | | | | | | | |
| **Seasta** | | | | | | | | |
| Mórgáiste Tí | 500 | 500 | 500 | 1,500 | | | | |
| Iasacht Ghluaisteáin | 230 | 230 | 230 | 690 | | | | |
| Árachas Gluaisteáin | | 510 | | 510 | | | | |
| Árachas Tí | | | 190 | 190 | | | | |
| Fo-Iomlán | 730 | 1,240 | 920 | 2,890 | | | | |
| **Neamhrialta** | | | | | | | | |
| Speansais Teaghlaigh | 920 | 920 | 920 | 2,760 | | | | |
| Costais Reatha Ghluaisteáin | 115 | 115 | 115 | 345 | | | | |
| Solas & Teas | | 60 | | 60 | | | | |
| Teileafón | 75 | | 75 | 150 | | | | |
| Fo-Iomlán | 1,110 | 1,095 | 1,110 | 3,315 | | | | |
| **Roghnach** | | | | | | | | |
| Laethanta Saoire | | | | | | | | |
| Siamsaíocht | 200 | 200 | 200 | 600 | | | | |
| Laethanta Breithe & Bronntanais | 40 | | 40 | 80 | | | | |
| Maisiú Tí | | 175 | | 175 | | | | |
| Fo-Iomlán | 240 | 375 | 240 | 855 | | | | |
| **Caiteachas Iomlán** | 2,080 | 2,710 | 2,270 | 7,060 | | | | |
| **Airgead Tirim Glan** | 460 | -170 | 270 | 560 | | | | |
| Airgead Tirim Tosaigh | -100 | 360 | 190 | -100 | | | | |
| **Airgead Tirim Deiridh** | 360 | 190 | 460 | 460 | | | | |

**Le húsáid le Roinn B Ceist 1(B).**

**(i)** Sa chéad bhuiséad ainmnigh mí ina bhfuil an t-ioncam pleanáilte níos mó ná an caiteachas pleanáilte.

**Freagra** ____________________________________________

**(ii)** Mínigh cúrsaí airgeadais Mhuintir Uí Mhathúna roimh Mhí Iúil.

**Freagra** ____________________________________________

**(iii)** An buiséad maith dá gcúinsí nua é an buiséad athbhreithnithe? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

**Freagra** ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

## Roinn B Ceist 2A

**Bain úsáid as an spás seo le haghaidh do chuid oibriúchán**

**Doiciméad le húsáid le Roinn B Ceist 2A a fhreagairt**

€ AISTRIÚ CREIDMHEASA
FAOI RÉIR AG FÍORÚ

€ CÓD AN BHRAINSE
CEANN SCRÍBE

90 – 17 - 21

BANC GIRO
AISTRIÚ CREIDMHEASA

Go Banc na hÉireann
Brainse
Cuntas
Uimhir an Chuntais

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

| | |
|---|---|
| € | |

Branda/Ceannlitreacha

Go Banc na hÉireann Dáta
Brainse
Cuntas Creidmheasa
Lóisteáilte ag
Seoladh

Branda/Ceannlitreacha

€

| ÚSÁID OIFIGE | LÓIST. AIRGID | | LÍON.ÍOCÍ | | AIRGEAD AISTRG. | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 99 | | 98 | | 97 | |

Uimh. Thag.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 9 | 0 | 1 | 7 | 2 | 1 |

Uimhir an Chuntais

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

Tx

| | |
|---|---|
| 8 | 9 |

| | | |
|---|---|---|
| Nótaí € | | |
| Boinn € | | |
| **Iomlán Airgid** € | | |
| Seiceanna | | |
| **Iomlán** € | | |
| euro | euro | euro |

**NÁ DÉAN DEARMAD AN ROINN SEO A CHUR AR AIS**
**LE DO FHREAGARLEABHAR**